Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2025
(OR. en)

15625/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0334(NLE)

CLIMA 545
ENV 1244
ENER 601
TRANS 560
ECOFIN 1538
COMPET 1188
IND 515
MI 926
AELE 102
CH 56

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú a leasú |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú a leasú**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh ('an Comhaontú') an 23 Samhain 2017 i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/2240 ón gComhairle[1].

(2) Tugadh an Comhaontú i gcrích le Cinneadh (AE) 2018/219 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020.

(3) De bhun Airteagal 12(3) den Chomhaontú, féadfaidh an Comhchoiste arna bhunú de bhun Airteagal 12(1) den Chomhaontú ('an Comhchoiste') cinntí a ghlacadh a bheidh ina gceangal ar na Páirtithe, ar theacht i bhfeidhm do na cinntí sin.

(4) Foráiltear le hAirteagal 13(2) den Chomhaontú go bhféadfaidh an Comhchoiste na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.

---

[1] Cinneadh (AE) 2017/2240 ón gComhairle an 10 Samhain 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh (IO L 322, 7.12.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/2240/oj).

[2] Cinneadh (AE) 2018/219 ón gComhairle an 23 Eanáir 2018 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh (IO L 43, 16.2.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/219/oj).

(5) Is iomchuí comhsheasmhacht a athbhunú leis na forálacha dlíthiúla is infheidhme maidir le córais trádála astaíochtaí an Aontais agus Chónaidhm na hEilvéise tar éis an athbhreithnithe ar Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] trí bhíthin Threoracha (AE) 2023/958[4] agus (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5].

(6) Le linn an ochtú cruinniú dá chuid, nó níos luaithe trí bhíthin an nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 8(4) de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, meastar go nglacfaidh an Comhchoiste Cinneadh lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú. Beidh an Cinneadh sin ceangailteach ar an Aontas.

---

3 Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj).

4 Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais astaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus le cur chun feidhme iomchuí birt dhomhanda mhargadhbhunaithe (IO L 130, 16.5.2023, lch. 115, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/958/oj).

5 Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 130, 16.5.2023, lch. 134, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/959/oj).

(7) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú.

(8) Ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhchoiste a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo chun comhoiriúnacht agus sláine margaidh an dá chóras trádála astaíochtaí nasctha a choinneáil ar bun agus chun saobhadh iomaíochta agus sceitheadh carbóin a sheachaint,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh de bhun Airteagal 12.1 den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, le linn an ochtú cruinniú dá chuid, nó níos luaithe tríd an nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 8(4) de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, a mhéid a bhaineann le Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú a leasú, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Chomhchoiste mionathruithe ar an dréachtchinneadh a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*